AMÁRAĊ

3d

Guṫ na Gaeltaċta

Foillsiṫe gaċ Déardaoin.
Nuaċtán seaċtainiúil na Gaeltaċta.
Ábar fógraíoċta agus eagarṫóireaċta ċuig:— AMÁRAĊ, Ceanannus Mór.

iml. 10. uim. 15. — Aoine, 9ú Aibreán, 1965.

EAGARFOCAL. 9-4-65.

Cóir agus Éagóir

AR AN 31ú LÁ DE ṀÁRTA SEO CAITE, CRÍOĊ na bliana airgeadais, h-aistríoḋ Rannóg na ndeontaisí do ṗáipéirí Gaeilge agus páipéirí a ċuireas Gaeilge i gcló, ó Rannóg Ealaín agus Eolaíoċt, don Roinn Oideaċais, go dtí Roinn na Gaeltaċta. Mar a d'ḟoilsiġ an páipéar seo, tá cúpla seaċtain ó ṡin, feasta, sé Roinn na Gaeltaċta a ḃéas ag íoc na ndeontaisí le páipéirí mar INNIU agus AMÁRAĊ, tréimseaċáin mar FEASTA, COṀAR agus AN t-ULTAĊ agus AR AGHAIḊ. Ó ċuir Proinnsias Mac Aoḋgáin ar bun na deontaisí seo, nuair a ḃí sé ina Aire Airgeadais, scéim a ċabraiġ go mór le aṫbeoċaint na Gaeilge ,tá siad dá íoc ag an Roinn Oideaċais. Ní ḃeiḋ siad feasta.

NÍ MISTE MAR SIN, AN MÉID BUÍOĊAS atá tuillte acu, a ṫabairt do Roinn an Oideaċais, ón ṗáipéar seo. Is beag é. Aċ, is mór an méid do airgead a ḃí tuillte ag foilsiṫeoirí an ṗáipéir seo, a fágaḋ gan íoc, agus a diúltaíoḋ a íoc, ar ḋíscreid aon duine aṁáin—an tAire Oideaċais. Ag labairt dó ós coṁair Coiste na gCuntas de Ḋáil Éireann, dúirt Rúnaí Roinn an Oideaċais, go ḃfuil an t-airgead seo tuillte do réir na n-eagrán a ċuirtear amaċ, agus nuair a cuirtear amaċ eagrán, go ḃfuil an t-airgead tuillte ag na foilsíṫeoirí le cibé gnó is maiṫ leo do ḋéanaṁ leis. Ní ṫeastaíonn ó Roinn an Oideaċais aċ crúṫú ḟáil gur cuireaḋ amaċ na h-eagráin, agus ansin íocann siad an deontas.

AĊ, AR FEAḊ BLIANTA, agus an páipéar seo ina ṁíosaċán ar tús, agus na ṗáipéar coicisiúil ansin, ḋiúltaiġ Aire an Oideaċais aon deontas a ṫabairt don ṗáipéar. Ċeiṫre bliana ó ṡoin, ṫairg an Dr. Ó hIrġile deontas £1,560 don ṗáipéar seo. Ḋiúltaiġ luċt stiúrṫa an ṗáipéir é, ar an ábar naċ ḃféadfaí páipéar a reaċtáil ar airgead den ċineál sin. Rinne T.D.'s na Gaeltaċta cás leis an Aire faoi an ṗáipéar seo, agus níor ċuir siad fiacail ann gur seo páipéar do na Gaeilgeoirí ar ḃí an Ġaeilge a ngnáṫeanga. Dúirt daoine mar Pádraic Ó Faċtna go raiḃ sé níos costaisí páipéar le nuaíoċt beo a ċur amaċ nó páipéar de dréaċtanna. Ní raiḃ aon toraḋ leis. Ṫairg luċt stiúrṫa AMÁRAĊ an páipéar a ṫabairt as láiṁ ar fad, do eagras nó dream ar biṫ, a ḃeaḋ sásta é a stiúrú agus a ḟoilsiú go rialta, ar ḋeontas an Aire. Níor ġlac an Roinn leis an tairiscint, ar an ábar naċ mbeaḋ aon eagras ábálta an páipéar a stiúrú dá réir.

IN AGALLAṀ LEIS AN DR. Ó RIAIN, Aire Airgeadais, dúraḋ linn gur as coigilt as an ḃóta a ḃí an deontas seo ḋá ṫabairt go deireaḋ na bliana airgeadais. agus go mbeaḋ an mór-deontas foilsiúċán le fáil an ḃliain dár gcionn. Ḋearḃaiġ an Dr. Ó hIrġile, leis na T.D.'s ón Ġaeltaċt dá nglactaí an deontas don ḃliain sin, go ndéanfaí aṫḃreiṫniú ar méid an deontais don ḃliain dár gcionn, agus ṫug sé le tuiscint go soiléir in agallaṁ agus i scríḃinn, go mbeaḋ an deontas méadaiṫe le fáil. Ar an tuiscint sin, agus ċuireamar i scríḃinn é, ġlac luċt stiúrṫa AMÁRAĊ leis an deontas ainmniúil, cé gur cailliúint an trom a ḃeaḋ ann.

NÍOR COṀLÍONAḊ NA GEALLÚINTÍ SIN LE CEIṪRE BLIANA anuas. Níor tugaḋ aon ċaoi do luċt stiúrṫa an ṗáipéar an ċeist a ṗlé leis an Dr. Ó hIrġile, cé gur geallaḋ dúinn go dtabarfaí caoi leis an ċeist a ṗlé. Leanaḋ bliain indiaiḋ na bliana eile, ag tabairt an deontas ainmniúil. Bliain indiaiḋ na bliana, diúltaíoḋ an deontas ceart foilseaċán de timpeall £20,000, in aineoin gur cuireaḋ meastaċán deiṁniṫe ar fáil don Aire, ar an costas a ḃeaḋ ag teastáil.

ḊÁ ḂLIAIN GO LEIṪ Ó ṠIN, ċuireamar in iúl don Aire naċ raiḃ muid sásta leanúint a ṫuilleaḋ le páipéar gaċ coicís, agus ṫáinig AMÁRAĊ amaċ i gcionn na seaċtaine. Ḃíomar a' súil ag an am sin go mbeaḋ an deontas foilseaċán le fáil go cinnte an ḃliain dár gcionn. Níor tugaḋ an deontas foilseaċán sin de timpeall £20,000 'riaṁ ó Roinn an Oideaċais. Tugaḋ méadú trí huaire ó ṡin do ṗáipéirí mar INNIU. Níor tugaḋ aon ṁéadú ariaṁ do AMÁRAĊ. Ní hé aṁáin sin, aċ nuair a ṫáinig AMÁRAĊ amaċ mar ṗáipéar seaċtainiúil don Ġaeltaċt, agus cé gur ṫug muid fógra trí ṁí roiṁré don Aire. Ḋiúltaiġ an tAire gan aon ċúis a ṫabairt, an deontas ainmniúil a íoc, aċ ar gaċ ré eagrán den ṗáipéar. Níor ṫug sé ariaṁ aon ċúis leis seo. Mar sin de, timpeall £50,000 de airgead a ḃí tuillte ag luċt stiúrṫa AMÁRAĊ de réir cainte Rúnaí na Roinne. os coṁair ċoiste na gcuntas, aċ naċ raiḃ inioctа, agus nár h-íocaḋ toisc naċ ndearna an tAire Oideaċais réiteaċ ċuige. Níor ṫug an Dr. Ó hIrġile aon ċúis ná leiṫscéal ariaṁ faoi seo, nó faoi gan an coṫrom céanna a ṫabairt do luċt léiġte na Gaeltaċta, agus ṫug sé do foġlaimeoirí i mBaile Áṫa Cliaṫ. Ní miste go mbeaḋ an t-eolas seo a noċtaiṫe anois.

COLÁISTE TEICNEOLÁIOĊTA DO ṪÍRĊONAILL

TACAÍOĊT LAIDIR Ó'N AIRE RIALTAS ÁITIÚLA

Ḃí an páipéar seo ar an ċéad ṗáipéar, nó an ċéad aicme ariaṁ, a luaiġ gur ċeart go mbeaḋ Coláiste Réagúnaċ Teicneolaíoċt i dTírċonaill.

Anois, tá an tAire Rialtas Áitiúil, Niall T. Ó Bléine taréis a aontú linn gur ċóir go mbeaḋ Coláiste Teicneolaíoċta ag Tírċonaill, de ṫairbe an méid, agus an dóiġ a ḃfuil sí gearrṫa ar ṡiúl ón ċuid eile den tír.

Dúirt sé seo, deireaḋ na seaċtaine, agus é ag foscailt Gairmscoil nua Raṫbot, scoil ċúig-seomra, a ċosain £49,000. Rinne sé coṁġáirdeaċas leis an ċoiste, agus dúirt sé go raiḃ Gairmscoltaċa nua le tógáil ag Doire Beaga, Craoslaċ, Cluain Máine, Na Cealla Beaga, agus Bunċranaiġ.

"Tá muintir Ḋún na nGall níos díograsaí fá ċoinne oideaċais dá bpáistí ná dream ar biṫ óna condaeṫa eile, agus tá siad sásta íobairtí mór a ḋéanaṁ sa dóí a mbeiḋ oideaċas maiṫ ag a gcuid páistí. Agus tá seo le tabairt fé ndeara adúirt sé, ins na háiteaċa is boiċte sa ċondae.' Ábar coṁġáirdeaċas díoḃa é sin, adúirt sé, nó ba ṁór an tábaċt a ḃí le gairmscoil a ṡoláṫar do ṗobal ceantair.

Ní ṫiocfaiḋ dul ċun cinn soisialaċ nó geilleagraċ a ḃeiṫ ann gan oideaċas.

Dúirt an Príoṁ-Oifigeaċ, M. Uasal Ó Craḃain, gur ṫuig an coiste le fada go raiḃ géarġá le Coláiste Teicneolaíoċta agus gur ċuir siad suas ċun na Roinne é go dtógfaí an Coláiste i nDún na nGall.

PARÁID BANNAÍ CEOL NA CÁSCA

Ḃí Seán S. Mac Ṗáidín, i gceannas ar cruinniú ionadaċ de ċiopadóirí An Cloċán Léiṫ, in Óstán Ṁic Suiḃne, an tseaċtain seo caite, nuair a rinneaḋ iomlán socraiṫe fá paráid mór na mBannaí Ceoil, ar an Ċloċán Liaṫ, Domnaċ Cásca. H-innseaḋ don ċruinniú go raiḃ cuid ṁaiṫ bannaí ceoil a ċur scéala ċeana féin, go raiḃ siad a' braṫ paráid-áil ar an Ċloċán Liaṫ, an lá sin. Ḃí dea-scéala ann fosta, go raiḃ bannaí ḋá n-eagrú i gceantair naċ raiḃ bannaí ar biṫ iontu go dtí i mbliana. Beiḋ damsa i lár an lae i halla na paráiste an Cloċán Liaṫ, fosta, agus táṫar a 'súil le lá mór a ḃeiṫ ann Domnaċ Cásca.

BEALAĊ TREASNA NA COIRBRE

AIṪĠIORRA Ó UAĊTAR ARD GO HAṪ CINN

Ag labairt ag Cill Beag, Áṫ Cinn, dúirt Miċeál Ó Ceit, go raiḃ sé taréis fógra rúin a ċur síos don 22ú Márta, ina ainm féin agus ainmneaċa Coṁairleoirí M. Mac Cárrṫaiġ, S. Mac Eoċagáin, T. Mac an Rí, agus S. Ó Domnallán, aċ gur cuireaḋ siar é go dtí cruinniú Aibreán.

Tiocfaiḋ sé ós coṁair an ċéad cruinniú eile den Ċoṁairle Condae, agus sé an rud atá i gceist ná go ndéanfaí fiosrú faoi ceasaí ná casán a ḋéanaṁ treasna ar Loċ Coiriḃ, agus droiċead ós cionn lár an loċa, ó céiḃ Cill Beag ar ṫaoḃ Áṫ Cinn den Loċ, go dtí céiḃ an Ċnoic ag ṫaoḃ Uaċtar Ard. Insan fógra rin. deirtear gur ṫosnaiġ an obair ar an ṗlean seo i 1911, agus gur dearnaḋ cuid de in 1912, ⁊ i ḃfianaise na buntáistí móra a ṫabarfaḋ sé den dá ṫaoḃ den Ċoiriḃ, anois, go measann siad gur ċeart gaċ iarraċt a ḋéanaṁ le é ṫosnú arís agus é ṫabairt ċun cinn.

BALLRÁIOĊT 10,000 AG EAGRAS COSANTA AN IARṪAIR

Cuairt an Aṫar Ṁic Duiḃir ar Acaill

CUAIRT AN AṪAIR ṀIC DUIḂIR AR ACAILL, an nuaíoċt agus an ábar cainte ba ṁó a ḃí san ċeantar an tseaċtain seo ċaite. i ḃfad níos mó ná cúrsaí toġċáin de ċineál ar biṫ.

Ċuaiġ Banna Ceoil Píobairí Caol agus slua mór daoine amaċ go Ceann an Droiċid le é a ṫionlacan isteaċ go dtí hall na paráiste.

Tugaḋ árd ḃualaḋ bos dó ón slua mór a ḃí insan halla. agus ṫar ceann muintir Acla, d'ḟáiltiġ Sagart na Paráiste, an tAṫair P. S. Ó Riain. S.P., roiṁe.

Dúirt an tAṫair Mac Duiḃir, go raiḃ faiḃḃ na h-imirce agus na ḃfeilmeaċa boċta, a réitiġ seisean i nDún na nGall le réitiú go fóill in Acaill, agus dá gcuirfeaḋ muintir Acla le ċéile, d'ḟéadfaḋ sé go ḃfaiġeaḋ siad tionscail agus go gcuirfeaḋ siad stop le imirce.

D'inis an tAṫair Mac Duiḃir go raiḃ 10,000 baill anois ag Coiste cosanta an Iarṫar, agus go raiḃ an ballraíoċt ag fás gaċ lá.

Dá gcuirfeaḋ na feilméaraí beaga, luċt gnóṫa, céardaiṫe ⁊ oibriṫe, uiliġ le ċéile, agus aontú eatarṫa féin, ní ṫiocfaḋ le duine ar biṫ iad a ċosc. "Tabair seans do ṫreoraí atá ag seasaṁ suas dióḃ, agus seasaigí ṫart air' adúirt sé. "Tá áit fá ċoinne tír-ġrá atá ag cabrú leis an tír a ċur ṫar n-ais ar a cosa san mbliain 1965," ar seisean.

D'iarr an tAṫair Mac Duiḃir orṫa go léir dul isteaċ san eagras agus aontú, do ṡáḃáil an Iarṫar.

"Creidimid ionainn féin,' ar seisean. "Tá Teaċtaí Dála go maiṫ. Ní ṫiocfaḋ linn rialtas a ḃeiṫ againn gan iad. Aċ, ba ċeart do ḋaoine tabairt faoin obair iad féin, agus gan a ḃeiṫ ag dul ċuig Teaċtaí Dála fá ċoinne gaċ uile rud."

"Déan é tú féin, agus bíoḋ cnáṁ droma ionat,'' ar seisean.

Ḃí Seán S. Ó Ceallaiġ, B.A., i gceannas ar an ċruinniú. agus ar na daoine eile a labair, ḃí an tAṫair P. Ó Dáiḃís, S.P., Caṫaoirleaċ Coiste Cosanta an Iarṫair, agus Seán Mac Aoḋ Buí, Rúnaí Coiste Cosanta an Iarṫar.

Gairmscoil Ċarna

ĊOSAIN AN ĠAIRMSCOIL ĊÚIG-SEOMRAÍ I GCARNA £40.000.

Gairmscoil Ṁic Dara, an t-ainm a tugaḋ air, agus ċoisreac a Ġrása, An Dr. Sár-Oirṁinneaċ Breaṫnaċ, Ard Easpag Tuama é, sul ar oscail Aire na Gaeltaċta, Miċeál Ó Móráin, é.

Beiḋ an scoil ag freastal ar beagnaċ 100 daltaí, agus ar na h-abair a ṫeagasc ófar beiḋ, miotalóireaċt, tíos, cocaireaċt, aḋmadóireaċt, tráċtáil, rúnaíoċt agus ábar tráċtála eile.

Is féidir teagasc in eolaíoċt, tarraiceoireaċt agus mathamatics a ṫabairt ċoṁ maiṫ.

Ṫug á Ġrása, an Dr. Breaṫnaċ. árd-ṁolaḋ do obair an ċoiste, agus dúirt sé gur mór an ċabair do cúrsaí oideaċais insan Ġaeltaċt, an Ġairmscoil.

Léiġ Sagart na Paráiste, an tAṫair Seán Mac Philibín, S.P., Aifreann insan scoil nua. Imeasc an cléir eile i láṫair, ḃí an tAṫair Liam Ó Móráin, S.P., Rosmuc; an tAṫair Liam Discin, Riarṫóir, Cloċ na Rón; an tAṫair Seán Ó hUigín, S.C., Caiseal, agus an tAṫair Miċeál Guailli, S.C., Cill Ċiaráin.

Ḃí an Seanadóir Ó Buaċalla, i gceannas ag an dinnéar taréis an ċoisreacú agus oscailt oifigiúil, agus ar na daoine eile a ḃí i láṫair, ḃí Fionntán Ó Cuagáin ⁊ Seán Mac Eoċagáin.

BÉILÍ SCOILE

Ṁol Seosaṁ Mac an Iomaire (Clann na Poblaċta) agus Pádraic Ó Ceallaiġ (Páirtí Pob-laċtanaċ) go dtabarfaí béile do na páistí scoile in 15 scoltaċa Gaeltaċta. béile de áran agus suḃ. Dúirt an tUasal Ó Floinn go gcosnóḋ an seirḃís seo idir £1,500 agus £2,000 agus níor iarr aċ dá scoil go leanfaí den seirḃís. Cinneaḋ go scríofaí ċuig na príoṁ-oidí ins na scoltaċa i gceist, ag iarraiḋ a mbarúil de ṁolaḋ an Uasal Mac an Iomaire.

ÉADAN ANFA

Máire Bean Ṁic Gaoiṫín, as Ard Conaill, a fuair an scór ab' áirde agus an ċéad duais ag an cluiċe seaċtainiúil "fuist" in Éadan Anfa. Fuair Conċur Ó Caimbéal, Cnoc an Airgid, an ċéad duais do na fir, agus Gearóid Mac Diarmada, an ċéad duais. Ḃí Sorċa Bean Uí Tinán, Na Gleanntaí, agus Niall Ó Doċartaiġ, Málainn Mór, agus Seosaṁ Mac Cuṁaill, Teanga Ṁeán, coṫrom, do duais na mban.